C/2024/3502

29.5.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Bealtaine 2024

lena gceaptar beirt chomhaltaí malartacha chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

(C/2024/3502)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 go bhfuil an Chomhairle le cúigear comhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh chuig Bord Riaracháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Bord Riaracháin').

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 nach bhfuil comhalta den Bhord Riaracháin le bheith ina chomhalta de Bhord Rialálaithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaighum Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus go bhfuil comhaltaí an Bhoird Riaracháin le gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leas an Aontais ina iomláine.

(3) An 24 Eanáir 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh ([2]) lena gceaptar beirt chomhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha chuig an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse 4 bliana ón 28 Eanáir 2022. An 31 Eanáir agus an 8 Feabhra 2024 faoi seach, chuir beirt de na comhaltaí malartacha sin, Péter KADERJÁK agus Ksenia LUDWINIAK, in iúl go raibh siad ag éirí as oifig mar chomhaltaí malartacha den Bhord Riaracháin.

(4) Ba cheart don Chomhairle beirt chomhaltaí malartacha a cheapadh chun teacht ina n-ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá téarma oifige reatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí malartacha chuig an mBord Riaracháin le sainordú dar críoch an 28 Eanáir 2026:

— Jean-Laurent LASTELLE, an Fhrainc,

— Wouter RAAB, an Ísiltír

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BROUNS

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 22 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/942/oj.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 24 Eanáir 2022 lena gceaptar beirt chomhalta agus triúr malartach chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO C 38 I, 25.1.2022, lch. 1).